

A chairde an dlí agus an léinn,

Tá mé thar a bheith buíoch den deis seo a bheith in bhur láthair tráthnóna.

Molaim an Barra go mór as an gcomhdháil a eagrú. Táim buíoch de fhear an tí Cormac Ó Dúlacháin agus cathaoirleach Chomhairle an Bharra, Maura McNally Abhcóide Sinsir, as an gcuireadh labhairt libh tráthnóna. Tugaim faoi deara gur céimithe de chuid Choláiste na hOllscoile Gaillimh, mar a bhí, iad Dáithí agus Maura araon agus go mb'fhéidir go raibh siad i mbun staidéir sa leabharlann thiar i dtrátha an ama chéanna.

Is cinnte gur ar leas iad siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh leis na cúirteanna trí Ghaeilge a bheidh sa i gCumann an Bharra sna blianta a bheidh le teacht agus guím gach rath oraibh.

Is iontach freisin go bhfuil an Breitheamh Bróna Ní hAnluain inár láthair chun leabhar Dhaithí Mhic Cárthaigh a sheoladh agus an Breitheamh Colm Mac Eochaidh chun clabhsúr a chur le cúrsaí. Is ceart gaisce a cheiliúradh agus tá gaisce déanta ag Dáithí Mac Cárthaigh agus an foilsitheoir Leabhar Breac as foilseachán den scoth a chur ar fáil dúinn.

Tugann *An Ghaeilge sa Dlí* léirmhíniú sothuigte agus soiléir ar an gcuid is tábhachtaí den dlí-eolaíocht teanga, sa mbaile agus i gcéin. Tá ábhar machnaimh agus mionphlé fiúntach san uile chaibidil agus is fiú go mór staidéar domhain a dhéanamh ar na caibidlí faoi chúrsaí pleanála fisiciúla agus na cúirteanna go sonrach. Beidh brabach ag an léitheoir ar thaighde bunúil agus cleachtadh gairmiúil an údair agus baineann luach ar leith leis an bplé sin.

Déanann Dáithí cioradh léannta agus gonta ar oidhreacht an naoú haois déag, ar ghluaiseacht na hathbheochana agus ar thionchar an athréimnithe sa gcéad chaibidil. Cuireann na tagairtí do Raiftearaí, Sean-Phádraic Ó Conaire, Dónall Ó Conaill, WB Yeats agus James Joyce go mór leis an gcomhthéacs agus léiriú arís eile é ar thábhacht na hanailíse cultúrtha agus an dlí mar thobar féiniúlachta náisiúnta. Agus chuige seo an comhthéacs agus ceann de phríomhcheisteanna an leabhair:

'B'fhada an Ghaeilge ina hornáid agus ina caitheamh aimsire...seachas ina teanga oibre agus ina huirlis ar féidir obair a bhaint aisti.' (42)

Filltear ar an gceist sin arís agus arís eile agus is é mórthéama na hanailíse ar feadh an tsaothair é. Meabhraíonn mo réamhtheachtaí uasal, Seán Ó Cuirreáin, sa réamhrá nach bhfuil easpa reachtaíochta orainn ach go bhfuil an chuma ar an scéal nach bhfuil muid go maith á cur i bhfeidhm. Creidimse go bhfuil mórcheist ann dúinn uile maidir le feidhm an dlí sa stát agus i measc an phobail. Ní ceist í a bhaineann le gnóthaí teanga amháin ach ceist mhór leathan í a bhaineann le smacht reachta nó riail an dlí agus cearta an tsaoránaigh.

Thug mé suntas don scagadh a rinne an Breitheamh Donal O'Donnell, an Príomh-Bhreitheamh tofa – go maire sé a ghradam – ar an ábhar céanna ag comhdháil a d'éagraigh an Leabharlann Dlí – Barra na hÉireann - an tseachtain seo caite.¹

I measc nithe go leor eile, mheabhraigh an Breitheamh O'Donnell go mba cheart go ndéanfaí chuile mhíle ní cur le rannpháirtíocht an phobail sa gcóras dlí agus chuir sé fainic thábhachtach orainn maidir le tuiscint shaoránaigh ar an gcóras céanna. Má airíonn an saoránach nach dtig leis nó léi dul chun cúirte le go n-éistfeadh breitheamh neamhchlaonta lena gcás gan fuacht ná faitíos nó má bhíonn iachall orthu aighneas a réiteach seachas dul chun dlí i ngeall ar cheist na gcostas, bainfear den ghradam a bhaineann le réim an cheartais nó riail an dlí. Beidh meas agus muinín an phobail thíos leis dá bharr.

Tagann deacracht an-mhór chun cinn nuair nach bhfeidhmíonn oifigigh phoiblí an dlí nó nuair a fheidhmítear an dlí ar bhonn discréideach éiginnte éigin. Is é an toradh a bhíonn ar chleachtas mar seo – más ar feadh achair ghearr nó tréimhse fhada é – ná creimeadh ar chearta an tsaoránaigh.

Ní amháin sin, agus is measa fós an toradh áirithe seo dar liom, ach tagann creimeadh ar thnútháin réasúnta an phobail, tnútháin arbh fhéidir leo brath orthu, tnútháin a bhféadfaí talamh slán a dhéanamh díobh. Agus déanfar dochar dá réir d'fheidhmiú na gceart sin. I gcás na Gaeilge, ní mór an-airdeall go deo a bheith againn ar aon mhír a thioctadh idir an dlí agus feidhmiú chearta teanga an phobail. Ina fhianaise sin, bímis buíoch go bhfuil riar éifeachtach córa agus réim chothrom dlí sa tír seo a chuireann cosaint ar fáil do shaoránaigh a bhíonn ag iarraidh seasamh lena gcearta a bhuíochas d'abhcóidí oilte agus breithiúna neamhspleácha.

Tugann téacsleabhar mar seo isteach sa seomra cúirte muid agus cuireann sé gaois agus críonnacht líon mór breithiúna ar fáil dúinn faoi cheangal aon leabhair amháin. Is breá an ní é a bheith in ann teacht ar léargais na mbreithiúna Iarfhlaith Ó Néill, Catherine McGuinness, Colm Mac Eochaidh, Iseult O'Malley agus Úna Ní Raifeartaigh faoi iompú do bhoise. Is liosta le háireamh iad na breithiúnais ghéarchúiseacha maidir le ceisteanna teanga ó bhreithiúna mór le rá amhail Brian Walsh, Cearbhall Ó Dálaigh, Ruairí Ó hAnluain agus Aodh Ó Cinnéide, trócaire orthu.

Agus é ag trácht ar bhreis is 150 achtachán a bhaineann leis an nGaeilge sa *Dublin University Law Journal*, tugann an Dr John Walsh suntas do na himscrúduithe a bhíonn ar bun faoi scáth m'Oifige agus an ról a bhíonn acu soiléiriú a dhéanamh ar chearta teanga agus tuilleadh brí a chur sna forálacha seo. Tagraíonn an Dr Walsh d'achtacháin nach bhfuil dianiniúchadh déanta fós orthu agus fiafraíonn sé cé na himpleachtaí a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh.

Ceist mhaith, ceist thráthúil agus súil againn le hAcht leasaithe nach mbeidh, faoina bheith slán, ach ina bhunchloch maidir le dioscúrsa na gceart teanga san

¹ 'Home and Abroad. Human Rights: Universal Rights? 16 Meitheamh 2021

21ú haois. Seo é an suíomh a bhfuil deis ollmhór ag an gcóras stáit, agus an córas céanna céad bliain ar an bhfód, cearta agus comhionannas teanga a leabú agus a neadú sa gcleachtas laethúil. Is éard a bhíonn i gceist le príomhshruthú chultúr na gceart go mbíonn cur chuige iomlánaíoch ann ar fud an chórais, ó bhun go barr, ó earnáil go hearnáil, i measc na gcomhlachtaí poiblí uile agus san uile chineál reachtaíochta.

Ní ann don réiteach draíochta ar ndóigh ach faoi réir chóras na gcaighdeán, i dteannta modh earcaíochta nua, léireofar do chomhlachtaí poiblí cén réimse beart réitigh atá faoina gcúram agus a gcumas féin. Ba mhaith liom a cheapadh go bhfeidhmeoidh an tAcht leasaithe mar ugach agus spreagadh don obair seo a chuirfidh leis an gcaidreamh idir comhlachtaí poiblí agus an pobal.

Pé scéal é, beidh m’Oifig ag iarraidh bonn fianaise agus faisnéise a bheith ar fáil chun anailís bharainneach agus tomhas cruinn a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le seirbhísí teanga. Déanfaidh muid ár ndícheall tuilleadh ábhar staidéir a chur ar fáil duit a Dháithí le go mbeadh an dara, an tríú agus an ceathrú heagrán chomh spéisiúil, bríomhar céanna leis seo, an chéad eagrán den *Ghaeilge sa Dlí*.

Mar fhocail scor; creidim go bhfuil sé thar a bheith oiriúnach gur scríobhadh *An Ghaeilge sa Dlí* faoi scáth Thlachtga in aice le Ráth Chairn Glas na Mí. Más fíor don seanchas, ba faoi scáth Scrín Cholm Cille sa gcontae ríoga céanna a féachadh le dlíthe na mbreithiún a chur ar pháir den chéad uair. Deirtear go raibh láimh mhór ag Cormac Mac Airt san obair a bhain le Leabhar Aichle a réiteach. Beagnach 1800 bliain ina dhiaidh sin tá comaoin curtha ar an dúchas agus ar cheird an dlí araon a bhuíochas de Dháithí Mac Cárthaigh. Comhairle an Bharra seolta.